## Bainisteoir Beartais Phoiblí agus Abhcóideachta

***Próifíl an Róil***

### A. Sonraí

| | |
|---|---|
| Post: | **Bainisteoir Beartais Phoiblí agus Abhcóideachta** |
| Grád | Ardoifigeach Feidhmiúcháin |
| Coibhéis lánaimseartha | Lánaimseartha (35 uair an chloig sa tseachtain) |
| Ag tuairisciú do: | Stiúrthóir Cumarsáide |
| Fad: | Buan |

### B. Forbhreathnú ar an Ról

Is í an Chomhairle Ealaíon an ghníomhaireacht rialtais náisiúnta atá freagrach as na healaíona in Éirinn a mhaoiniú, a fhorbairt agus a chur chun cinn. Is é an ról atá aici ná ionadaíocht a dhéanamh, infheistíocht a dhéanamh, agus obair i gcomhpháirt le heagraíochtaí eile, le timpeallacht ealaíon spleodrach a chruthú i gcroílár shochaí na hÉireann.

Tá deis spreagúil i ndiaidh teacht chun cinn inár Rannóg Cumarsáide.

Ba mhaith leisan gComhairle Ealaíon Bainisteoir Beartais Phoiblí agus Abhcóideachta a earcú atá ardspreagtha agus a bhfuil ardtaithí aige/aici. Tá ról reachtúil ag an gComhairle Ealaíon maidir le Ranna Rialtais a chur ar an eolas agus comhairle a chur orthu agus leis an ról nua seo, cinnteofar go mbainfear úsáid as an bhfianaise agus na léargais a bhailíonn foirne beartais, taighde agus ealaíon na Comhairle Ealaíon le comhairle agus eolas a sholáthar ar fud an rialtais agus le bheith mar bhonn taca ag rannpháirtíocht níos leithe ag páirtithe leasmhara.

Gairmí abhcóideachta a bhfuil taithí aige/aici a bheidh san iarratasóir rathúil. Cuirfidh siad an fheidhm nua seo ar bun agus beidh siad freagrach as clár abhcóideachta na Comhairle Ealaíon agus as a plean oibre abhcóideachta a sholáthar.

Leis an ról seo, tabharfar aird faoi leith ar bheartas spásúlachta na heagraíochta, Áit, Spás agus Daoine, atá bunaithe ar ár straitéis deich mbliana, *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*. Cuireann sé cur chuige ‘bunaithe ar dhaoine agus ar áiteanna’ chun cinn maidir le forbairt na n-ealaíon mar aon le prionsabal an chothromais shochspásúil trína bhfuil ‘an deis ag gach duine na healaíona agus cultúr a chruthú, dul i ngleic leo, páirt a

ghlacadh iontu agus taitneamh a bhaint astu, beag beann ar cé hiad féin, cá bhfuil siad ina gcónaí nó cén obair atá acu'.

Tabharfar an deis don iarratasóir rathúil a bheith mar chuid de chomhlacht poiblí fuinniúil agus d'fhoireann ghnóthach, ardspreagtha.

**C. Príomhfhreagrachtaí**

- Luachanna, fís agus misean na Comhairle Ealaíon a spreagadh;
- Rannchuidiú go gníomhach chun cuspóirí straitéiseacha na Comhairle Ealaíon agus an straitéis deich mbliana Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh a chur i gcrích;
- Plean oibre abhcóideachta a fhorbairt agus a sholáthar;
- An fheidhm abhcóideachta a bhainistiú;
- Dul i mbun plé le comhghleacaithe inmheánacha de réir mar is gá;
- Obair i ndlúthchomhar le baill eile den fhoireann cumarsáide;
- Obair i ndlúthchomhar le baill eile na bhfoirne beartais agus sonraí;
- Tacú leis an Stiúrthóir Cumarsáide de réir mar is gá;
- Tuairisciú ar bhunspriocanna inghnóthaithe;
- Gníomhaíochtaí breise bainistíochta de réir mar is gá.

**D. Scileanna, Eolas agus Taithí**

- Gairmí abhcóideachta a bhfuil ardtaithí aige/aici;
- Rath follasach maidir le feachtais abhcóideachta a stiúradh;
- Sárscileanna cumarsáide, idir scríofa agus idirphearsanta, an cumas cásanna ina bhfuil gá le scileanna taidhleoireachta agus tuisceana a láimhseáil san áireamh;
- Cumas den scoth caidreamh a chruthú;
- Taithí ar dhaoine a bhainistiú;
- Sárscileanna riaracháin agus eagrúcháin;
- Cumas láidir i dtaca le cúrsaí cruthaitheachta agus smaointe a ghiniúint;
- Scileanna láidre i dtaca le bainistíocht tionscadal;
- A bheith solúbtha agus toilteanach chun oiriúnaithe, agus rannchuidiú go dearfach le cur i bhfeidhm an athraithe;
- Sárscileanna TFC, sárscileanna Word, Excel agus Outlook san áireamh;
- Duine atá in ann oibriú go maith le foireann, atá féinspreagtha agus atá in ann a ualach oibre féin a láimhseáil;
- Tiomantas d'ardchaighdeáin seirbhíse poiblí.

Inmhianaithe:

- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal;
- Eolas ar an earnáil phoiblí;
- Tá an cumas feidhmiú i nGaeilge, idir labhairt agus scríobh, inmhianaithe, ach níl sé riachtanach.

**Nóta: Tá gach ról agus freagracht de chuid na Comhairle Ealaíon faoi réir athraithe de réir riachtanais eagraíochtúla agus tosaíochtaí straitéiseacha.**